

TEASTAS EORPACH NA GAEILGE – TAIRISCINT SPEISIALTA DO DHALTAÍ MEÁNSCOILE IN 2015

Tá áthas ar Fhoireann TEG a fhógairt go bhfuil deontas faighte ó COGG le scrúduithe TEG a chur ar fáil ar tháille speisialta do dhaltáí meánscoile in 2015.

Is scrúduithe cumais Gaeilge iad scrúduithe TEG atá déanta ag suas le 800 dalta sinsearach le roinnt blianta anuas. Déantar staidéar ar shiollabas TEG ag leibhéal cuí sa seomra ranga ó thús na scoilbhliana go mí an Aibreáin/Bealtaine nuair a théann scrúdaitheoirí TEG chun na scoile chun scrúduithe cainte, scríofa agus cluastuisceana a reáchtáil sa scoil. Cuirtear ábhar teagaisc samplach, treoir agus comhairle ar fáil saor ina aisce do mhúinteoirí. Tugann córas TEG sprioc an-chinnté do mhúinteoirí agus daltaí araon agus is córas foghlama é ina bhfuil an bhéim ar scileanna teanga cumarsáideacha soiléire.

A bhúí do COGG, beidh na scrúduithe á gcur ar fáil ar €40 an duine (laghdaithe ó €80 an duine) do líon áirithe daltaí sinsearacha i scoileanna nár thug faoi scrúduithe TEG go dtí seo. Tosóidh daltaí ag déanamh staidéir ar an siollabas ag deireadh Mheán Fómhair agus déanfar scrúduithe in Aibreán agus Bealtaine 2015.

Chun go mbeidh do scoil san áireamh don deis seo, cuir ríomhphost chuig teanga@nuim.ie roimh an 19 Meán Fómhair leis na sonraí seo:

- Ainm agus seoladh na scoile
- Bliain (4,5 nó 6) agus líon na ndaoine sa rang
- Ráiteas 100 focal ag míniú cén fáth ar mhaith leat an deis seo a chur ar fáil i do scoil.

Téarmaí agus coinníollacha:

- Tá an comórtas seo oscailte do dhaltáí meánscoile sinsearacha ó Bhliain 4-6 i scoileanna nach bhfuil scrúduithe TEG déanta acu go dtí seo. Caithfidh íosmhéid 20 duine a bheith sa rang ag tabhairt faoi leibhéal **faoi leith** de chuid TEG.
- Caithfidh daltaí tabhairt faoin scrúdú iomlán sa scéim seo agus ní an scrúdú cainte amháin.
- Is mar chrannchur a roghnófar na scoileanna roimh dheireadh Mheán Fómhair 2014 agus cuirfear scéala chuig na scoileanna a n-éiríonn leo go luath ina dhiaidh sin.
- Ní ghlacfar ach le rang amháin ó aon scoil faoi leith.

Chun tuilleadh eolais a fháil faoi TEG, téigh go dtí <http://teg.ie/gaeilge/scoileanna.htm> nó má tá ceisteanna agat faoin scéim áirithe seo, cuir glaoch ar 01 708 6417 nó cuir ríomhphost chuig teanga@nuim.ie